# Curaclam Matamaitice na Bunscoile

## Feasacht Spásúil agus suíomh

Ba chóir deiseanna a thabhairt do pháistí léiriú a thabhairt ar an gcaoi a bhféadfaí an t-eolas agus na scileanna a fhoghlaimítear sa snáithe seo a úsáid chun foghlaim a nascadh, a threisiú agus a chur chun cinn ar fud na gceithre shnáithe idirnasctha.

| | a<br>An foghlaimeoir | b<br>An foghlaimeoir | c<br>An foghlaimeoir | d<br>An foghlaimeoir | e<br>An foghlaimeoir | f<br>An foghlaimeoir | g<br>An foghlaimeoir | h<br>An foghlaimeoir | i<br>An foghlaimeoir | j<br>An foghlaimeoir | k<br>An foghlaimeoir |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Gnéithe** | **Feasacht Spásúil agus suíomh** | | | | | | | | | | |
| **Tuiscint agus Ceangal** | Fiosraíonn sé gluaiseachtaí codanna difriúla den cholainn agus/nó na slite gur féidir leis an gcolainn bogadh nó inar féidir é a bhogadh, i spás.<br><br>Forbraíonn sé feasacht ar ionad a cholainne i spás. | Fiosraíonn sé timpeallacht an tseomra ranga, na scoile agus suíomhanna eile, agus déanann sé cur síos ar shuíomh nó ar ionad na réad ach úsáid a bhaint as gnáth-theanga na cumarsáide. | Déanann sé cur síos ar an ionad coibhneasta [thar, faoi, os cionn, in uachtar] agus ar fhoisceacht [gar, i bhfad, níos faide] na réad. | Tugann sé agus leanann sé treoracha simplí lena n-áirítear treoracha maidir le casadh [castaí iomlána agus leathchastaí]. | Déanann sé cur síos ar threo [ar dheis/chlé nó ar deiseal/tuathalach] agus ar mhéid an chasaidh [iomlán, leath, ceathrú casaidh agus trí cheathrú casaidh].<br><br>Bíonn léirthuiscint aige ar na príomhairde [Thuaidh, Theas, Soir, Siar] ach úsáid a bhaint as na treoracha cuí maidir le timpeallacht an tseomra ranga agus na scoile. | Sainaithníonn sé agus déanann sé cur síos ar shuíomh réada ach úsáid a bhaint as córas eangaí [úsáid uimhreacha agus litreacha chun ceantar a shainaithint] (Mar shampla: A6). | Sainaithníonn sé agus rangaíonn sé uillinneacha níos mó/níos lú ná dronuillinn.<br><br>Baineann sé úsáid as léarscáileanna fónta chun bealaí a phleanáil, agus chun treoracha a thabhairt.<br><br>Sainaithníonn sé línte ceartingearacha, cothrománacha agus ingearacha, déanann sé cur síos orthu agus rangaíonn sé iad. | Sainaithníonn sé agus rangaíonn sé uillinneacha mar uilleannacha géara, maola, díreacha nó athfhillteacha.<br><br>Sainaithníonn sé fiarlínte agus línte comhthreomhara agus déanann sé cur síos orthu.<br><br>Baineann sé úsáid as treoracha cairdinéalta agus as tomhais faid chuí chun plé a dhéanamh ar shuíomh agus ar threoracha (Mar shampla: tá an abhainn 5 km soir ón áit seo). | Tarraingíonn sé uillinneacha a thugtar dó agus tomhaiseann sé iad ina gcéimeanna.<br><br>Ceanglaíonn sé na hocht bpointe ar chompás le tomhais uillinne agus fiosraíonn sé uillinneacha 45°. | Déanann sé taifead ar shuíomhanna plota ar an bplána comhordúcháin iomlán (na ceithre cheathrú araon).<br><br>Léirmhíníonn sé léarscáileanna de réir scála agus tarraingíonn sé pleananna simplí ar scála.<br><br>Déanann sé meastachán ar na huillinneacha a dhéantar nuair a thrasnaíonn dhá líne. | Marcálann sé cruthanna ar an bplána comhordúcháin agus cuireann sé trasfhoirmithe i bhfeidhm. |

| | a<br>An foghlaimeoir | b<br>An foghlaimeoir | c<br>An foghlaimeoir | d<br>An foghlaimeoir | e<br>An foghlaimeoir | f<br>An foghlaimeoir | g<br>An foghlaimeoir | h<br>An foghlaimeoir | i<br>An foghlaimeoir | j<br>An foghlaimeoir | k<br>An foghlaimeoir |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Gnéithe** | **Feasacht Spásúil agus suíomh** | | | | | | | | | | |
| **Cumarsáid** | Freagraíonn sé do theanga agus do ghníomh na gluaiseachta. | Tugann sé treoracha simplí maidir le gluaiseacht agus le hionadú.<br><br>Déanann sé cur síos ar ghluaiseacht agus ar ionadú réad, daoine agus a n-ionadú féin. | Baineann sé úsáid as teanga threorach shimplí agus as aonaid inchomhairthe chun treoracha a thabhairt (Mar shampla: téigh 5 chéim chun tosaigh).<br><br>Cruthaíonn sé líníochtaí simplí, nó úsáideann sé ábhair chun turais choitianta nó fhicseanúla a léiriú. | Déanann sé cur síos ar shuíomhanna agus ar ghluaiseachtaí coibhneasta réad ar léarscáileanna pictiúir agus ar phleananna simplí ach úsáid a bhaint as teanga chuí.<br><br>Sainaithníonn sé agus samhaltaíonn sé castaí trí úsáid a bhaint as gluaiseachtaí láimhe, coise, colainn iomlán nó as soip. | Déanann sé taifead ar ghluaiseacht ó shuíomh amháin chuig suíomh eile ach úsáid a bhaint as léarscáil shimplí.<br><br>Cruthaíonn sé líníochtaí nó samhlacha de shuíomhanna coitianta, a fhreastalaíonn ar mhéid choibhneasta agus ar shuíomh na bpríomhghnéithe. | Tugann sé agus leanann sé treoracha a bhaineann le castaí agus faid shimplí nó sainchomharthaí i gcomhthéacs pleananna simplí/ léarscáileanna eangaí/ aerfótagraif de thimpeallachtaí coitianta.<br><br>Déanann sé taifead ar threoracha mar shraith céimeanna simplí. | Déanann sé plé agus comparáid sna córais eangaí a úsáidtear ar léarscáileanna go minic, lena n-áirítear neastacháin shimplí achair (Mar shampla: léiríonn fad eangaí amháin 100 km) agus gnásanna chun suíomh a shonrú.<br><br>Coinníonn sé taifead de sheit treoracha a bhaineann le réad a aimsiú de réir faid agus príomhaird agus léiríonn sé iad. | Pléann sé gnéithe matamaiticiúla [scála, fad coibhneasta idir suíomhanna] gnáth-léarscáileanna agus léarscáileanna digiteacha nó uirlisí pleanála cúrsa.<br><br>Cruthaíonn sé líníochtaí nó samhlacha de shuíomhanna coitianta, ina gcuirtear i láthair méid choibhneasta agus suíomh na n-eochairghnéithe le cruinneas réasúnta. | Leanann sé agus tugann sé treoracha a bhaineann le hocht phointe an chompáis.<br><br>Tarraingíonn sé péire aiseanna [X agus Y] chun ceathrú a dhéanamh, agus scálaí cothroma agus lipéadú á gcur san áireamh aige.<br><br>Déanann sé cur síos ar shuíomh ar an gcéad cheathrú den phlána comhordúcháin ach úsáid a bhaint as an teanga chuí [ais, aiseanna, ingearach, cothrománach] agus trí úsáid a bhaint as gnásanna caighdeánacha. | Tarraingíonn sé línte agus cruthanna ar an bplána comhordúcháin ach pointí a mharcáil agus a cheangal.<br><br>Cruthaíonn sé líníochtaí, samhlacha nó pleananna de réir scála.<br><br>Déanann sé cur síos ar chaidrimh uillinneacha atá ceangailte le línte comhthreomhara. | Déanann sé cur síos ar thrasfhoirmiú na gcruthanna ar an bplána comhordúcháin maidir le tionchair ar chomhordanáidí na gcúinní. |

| | a<br>An foghlaimeoir | b<br>An foghlaimeoir | c<br>An foghlaimeoir | d<br>An foghlaimeoir | e<br>An foghlaimeoir | f<br>An foghlaimeoir | g<br>An foghlaimeoir | h<br>An foghlaimeoir | i<br>An foghlaimeoir | j<br>An foghlaimeoir | k<br>An foghlaimeoir |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Gnéithe** | **Feasacht Spásúil agus suíomh** | | | | | | | | | | |
| **Réasúnaíocht** | Freastalaíonn sé ar ionadú nó ar ghluaiseacht réad, daoine, nó ar a ghluaiseacht féin. | Cinneann sé suíomh réada ó chuir síos ar shuíomh nó ar ionad. | Samhlaíonn sé agus déanann sé tuartha maidir le suíomh bunaithe ar thuiscint spásúil.<br><br>Athraíonn sé na treoracha chun treoracha níos cruinne a thabhairt.<br><br>Baineann sé úsáid as coibhnis spásúlachta agus as amharcléiriú chun réimsí matamaitice eile a chosaint (Mar shampla: suíomh na n-uimhreacha ar uimhirlíne a thuar; ag déanamh meastachán ar fhad). | Léirmhíníonn sé léarscáileanna agus pleananna simplí a léiríonn suíomhanna coitianta agus turais san fhíorshaol nó turais fhicseanúla.<br><br>Baineann sé úsáid as tuiscintí ar shuíomh coibhneasta agus ar mhéid choibhneasta chun cinntí a dhéanamh faoin gcaoi chun na príomhghnéithe a léiriú ar léarscáileanna a tharraing an duine féin. | Samhlaíonn sé an toradh a bhaineann le sraith treoracha a leanúint ar léarscáil nó ar phlean.<br><br>Cinneann sé agus aithníonn sé cén áit, i sraith céimeanna, a d'fheadfadh an treo mícheart a bheith glactha.<br><br>Ceanglaíonn sé gluaiseachtaí deisealacha leis an aghaidh cloig.<br><br>Aithníonn sé go mbaineann cuid de na treoracha leis an suíomh agus leis an treoshuíomh reatha (Mar shampla: ar dheis/ar chlé; suas/síos; ar chúl/chun tosaigh). | Aithníonn sé an caidreamh idir modhanna difriúla a bhaineann le hionad agus suíomh a léiriú (Mar shampla: radharc ón spéir in gcomparáid le radharc ón tsráid).<br><br>Déanann sé anailísiú agus<br><br>meastóireacht ar léiriú [léarscáileanna/ pleananna] agus ar threoracha gluaiseachta agus beachtaíonn sé iad ar mhaithe le soiléire agus le cruinneas.<br><br>Baineann sé úsáid as coibhnis spásúlachta chun réimsí matamaitice eile a chosaint (Mar shampla: aonaid chuí a aithint le haghaidh tomhas achair). | Déanann sé ceangail idir ceathrú castaí agus príomhairde<br><br>Déanann sé agus cosnaíonn sé tuairimí maidir le suíomh agus ionad agus déanann sé meastóireacht ar ráitis daoine eile.<br><br>Cosnaíonn sé an fáth a bhfuil uillinn níos mó nó níos lú ná dronuillinn.<br><br>Rangaíonn sé uillinneacha mar uillinneacha atá níos mó/níos lú ná dronuillinn. | Léirmhíníonn sé scála, agus/nó fad coibhneasta, chun meastacháin faid a dhéanamh agus a chosaint ó léarscáileanna.<br><br>Baineann sé úsáid as coibhnis spásúlachta agus as amharcléiriú chun réimsí matamaitice eile a chosaint (Mar shampla: fiosrúchán spinéar i dtascanna seansúlachta, léirithe de shonraí).<br><br>Baineann sé úsáid as eolas chun infeiris a dhéanamh faoi línte. | Déanann sé meastachán agus beachtú ar ráitis ábhartha agus ar léirithe suímh ar mhaithe le beachtas agus cruinneas.<br><br>Déanann agus cosnaíonn sé meastacháin agus tomhais i gcomhthéacs na n-uillinneacha/ na léarscáileanna ar scála agus na bpleananna. | Baineann sé úsáid as fíricí a bhaineann le suim uillinneacha chun cinntí a dhéanamh maidir le huillinneacha atá in easnamh.<br><br>Cinneann sé réasúntacht tomhais mheasta uillinneacha ar línte trasnacha.<br><br>Baineann sé úsáid as coibhnis spásúlachta agus as amharcléiriú chun réimsí matamaitice eile a chosaint (Mar shampla: déaduchtú agus ríomh na straitéisí ríomha le haghaidh toirte). | Tarraingíonn sé agus cuireann sé lipéid ar cheathairshleasáin [comhthreomharáin, rombais, dronuilleoga agus cearnóga], a shainítear le comhordanáidí sna ceithre cheathrú, agus comhordanáidí atá in easnamh á dtuar acu trí úsáid a bhaint as airíonna na gcruthanna. |

| | a<br>An foghlaimeoir | b<br>An foghlaimeoir | c<br>An foghlaimeoir | d<br>An foghlaimeoir | e<br>An foghlaimeoir | f<br>An foghlaimeoir | g<br>An foghlaimeoir | h<br>An foghlaimeoir | i<br>An foghlaimeoir | j<br>An foghlaimeoir | k<br>An foghlaimeoir |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Gnéithe** | **Feasacht Spásúil agus suíomh** | | | | | | | | | | |
| **Cur i bhFeidhm agus Réiteach Fadhbanna** | Bogann sé agus athlonnaíonn sé é féin ar chúis áirithe. | Bogann sé agus athlonnaíonn sé réada ar chúis áirithe.<br><br>Freagraíonn sé do bhaic i dtimpeallachtaí a bhfuil cur amach aige orthu trí chonairí agus/nó saghsanna gluaiseachta a choigeartú. | Rianaíonn sé conairí ar léarscáileanna nó lúbraí simplí.<br><br>Sainaithníonn sé réada agus suíomhanna ar leith trí úsáid a bhaint as cur amach ar chaidrimh spáis. | Cruthaíonn sé léarscáileanna nó líníochtaí simplí de shuíomhanna a bhfuil cur amach aige orthu agus léiríonn sé suíomhanna réad.<br><br>Ríomhchláraíonn sé uirlisí digiteacha simplí chun léarscáileanna nó eangacha cuí a láimhseáil.<br><br>Leanann sé conairí simplí trí thimpeallachtaí a bhfuil cur amach aige orthu. | Réitíonn sé fadhbanna agus imríonn sé cluichí a bhfuil baint ag léarscáileanna nó greillí leo.<br><br>Cruthaíonn sé seit treoracha simplí chun gluaiseacht a threorú ar chúis ar leith. | Ceapann sé agus déanann sé anailís ar chúrsaí ar léarscáileanna, ar phleananna nó ar eangacha a shásaíonn srianta ar leith (Mar shampla: an cúrsa is gaire, gan bóithre a thrasnú, baic a sheachaint).<br><br>Fiosraíonn sé tagairtí eangaí i gcomhthéacs cluichí bacainne, nó gníomhaíochtaí spraíúla eile. | Baineann sé úsáid as eangach leagtha ar ghrianghraf ón aer de shuíomh a bhfuil cur amach aige air chun ‘léarscáil taisce’ a chruthú le haghaidh fadhb chomhoibríoch.<br><br>Réitíonn sé fadhbanna saibhre a mbaineann suíomh réad leo ach úsáid a bhaint as fad agus as na príomhairde – thuaidh, theas, soir, siar (Mar shampla: siúl 5 chéim ó thuaidh). | Baineann sé úsáid as uillinntomhas chun meastacháin a thomhas; chun uillinneacha a chur i gcomparáid agus chun iad a chur in ord.<br><br>Baineann sé úsáid as gnásanna spáis agus tomhais fhoirmiúla chun tacar céimeanna a chruthú le haghaidh gluaiseacht dhíreach, céimeanna ar éasca iad a leanúint. | Réitíonn sé fadhbanna a baineann le huillinneacha atá in easnamh.<br><br>Réitíonn sé fadhbanna a bhaineann le pointí comhordanáide a bhreacadh agus a aimsiú sa chéad cheathrú. | Baineann sé úsáid as láimhseoga nó as fearais in-ríomhchláraithe chun ionad, gluaiseacht agus treo a fhiosrú.<br><br>Breacann sé agus ceanglaíonn sé comhordanáidí chun íomhá a chruthú. | Réitíonn sé fadhbanna lena mbaineann cruthanna rialta agus neamhrialta agus iad sainithe i dtéarmaí comhordanáidí. |